6 Bealtaine 2025
Eisithe ag Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge

**Baisc taifeadtaí ón mBailiúchán Fuaime foilsithe**

Tá **300 diosca nua** as an gCartlann Fuaime digitithe, innéacsaithe agus ar fáil ar dúchas.ie anois. Baineann an t-ábhar seo leis an tréimhse 1937 (cóipeanna d'fhiteáin chéarach) go 1955. Is iad Caoimhín Ó Danachair, Seán Ó Súilleabháin agus Séamus Mac Aonghusa a bhailigh formhór an ábhair seo. Tá breis is 600 mír, nó breis is 30 uair an chloig, d'ábhar fuaime sa bhaisc seo.

Is é seo an dara baisc de na dioscaí aicéatáite atá seolta againn go dtí seo.

Tá idir scéalta, sheanchas agus cheol ó fhír agus ó mhná ar ardchaighdeán fuaime le fáil sna taifeadtaí seo.

Mar shampla, ceol ón fhidiléir cluiteach Mícheál Simí Ó Dochartaigh, scéalta ó Pheig Sayers agus ábhar iontach ó chainteoirí dúchasacha Gàidhlig ó Albain. I measc an ábhair Ghaeilge agus Bhéarla, tá blaisíní ann de theangacha domhanda eile chomh maith: an Bhascais, an Fhionlainnis, an Ghréigis ó Oilean Chíos, an tSualainnis, Gaeilge na hAlban, an Mhanainnis agus an Íoslainnis.

Tá béim mhór ar ábhar ó Co. Chiarraí, go hairithe ó Chorca Dhuibhne, sna taifeadtaí seo ach tá ábhar nua as na contaetha seo a leanas ann chomh maith: Baile Átha Cliath, an Cabhán, Corcaigh, Dún na nGall, Gaillimh, Liatroim, an Longfort, Luimneach, Port Láirge, Sligeach, agus Uíbh Fhailí.

Is féidir teacht ar an ábhar seo uile ag www.duchas.ie/ga/cbef.

**Nóta don eagarthóir:**

Is é An Bailiúchán Fuaime an bailiúchán is déanaí atá á dhigitiú ag foireann dúchas.ie, agus ábhar as á fhoilsiú go rialta. Is éard atá sa bhailiúchán seo ná 12,000 uair a chloig a bhaineann le hábhar a bailíodh ó 1935 i leith. Bhailigh bailitheoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha formhór an ábhair faoi scáth Choimisiún Béaloideasa Éireann (1935–1971). Ina measc tá ábhar i nGaeilge agus i mBéarla a chuimsíonn gach gné de thraidisiún béil na hÉireann.

Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, Leabharlann Dhigiteach UCD, agus Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal bailiúcháin uile Chnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a chur ar fáil don phobal ar líne. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, agus ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le cabhair airgeadais ó Fhondúireacht Bhéaloideas Éireann.

Teagmháil: eolas@duchas.ie